

GEABHAÍ FIADHAINE AGUS CADHAIN.

Síleann Pádraic Mac Donnchadha gur bun cíbe is bearta do na geabhaí fiadhaine agus deir Tomás Mac Con Iomaire nach n-itheann said tada dá bhfásann os cionn talmhan ach chuile rud dá n-itheann siad is faoi'n talamh a fhásann sé.

Bíonn siad ar Loch na nÉan ar bharr an Chruic Buidhe. Tá an loch lán de bhilleogaí báidthe. Chonnaic sé na geabhaí fiadhaine i a gcloigne faoi'n uisce a tarraingt fréamhacha na mbilleogaí báidthe agus dhá n-ithe. Nuair bhíos na locha roidhte tugann said na hoileáin farraige ortha féin agus i n-aimsir sheaca cloiseann Tomás Mac Con Iomaire iad a gul ó dheas amach san oidhche agus giúin acu. Luigheann said ar Chruach na Caoile, ar Oileán Mhic Dara (i Log na gCadhan) agus ar Músghraidhe.

Feiceann Tomás iad ag imtheacht san Earrach siar dtuaidh. Imthigheann said ina sgataí agus bíonn said ag imtheacht roinnt laitheanta i ndiadh a chéile.

